Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13199/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0295 (NLE)**

**ENV 885**
**WTO 81**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 533 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (COP20 CITES)<br>(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain - an 5 Nollaig 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 533 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 533 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2025
COM(2025) 533 final

2025/0295 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (COP20 CITES)**

**(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain - an 5 Nollaig 2025)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (COP20 CITES) a bhaineann le glacadh na gcinntí atá beartaithe chun na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú, chomh maith le nithe eile.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol

Tá sé d'aidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol ('an Coinbhinsiún' nó CITES) ainmhithe agus plandaí fiáine a chosaint ar róshaothrú trí thrádáil idirnáisiúnta. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Iúil 1975.

Is páirtithe sa Choinbhinsiún iad an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit uile[1].

### 2.2. Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún

Is í Comhdháil na bPáirtithe comhlacht rialaithe an Choinbhinsiúin, agus é sin arna bhunú faoi Airteagal XI. Tagann Comhdháil na bPáirtithe le chéile gach dara nó tríú bliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Go sonrach, measann sí agus glacann sí tograí chun na liostaí speiceas atá i bhFoscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú. Ina theannta sin, déanann Comhdháil na bPáirtithe doiciméid agus tuarascálacha ó na Páirtithe, ó na coistí buana, ón Rúnaíocht agus ó na meithleacha a mheas, agus molann sí bearta chun an Coinbhinsiúin a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

A mhéid is féidir, is trí chomhthoil a dhéanann Comhdháil na bPáirtithe a cinntí faoi thograí chun Foscríbhinní I agus II a leasú. I gcás nach dtagann sí ar chomhthoil, cuirtear na cinntí chun vóta agus is féidir iad a ghlacadh le tromlach dhá thrian de na hionadaithe atá i láthair agus ag vótáil faoi Airteagal XV(1)(b) den Choinbhinsiún. Tá vóta amháin ag gach Páirtí, seachas ag eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta ag a bhfuil, i réimsí a n-inniúlachta, 'ceart vótála le líon vótaí atá cothrom le líon a mBallstát atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún' faoi Airteagal XXI(5). Maidir le cinntí a bhaineann le leasú na bhFoscríbhinní, is é an tAontas a fheidhmíonn cearta vótála, ós rud é go dtrasuitear Foscríbhinní CITES i reachtaíocht ábhartha an Aontais([2]) .

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhdháil na bPáirtithe

Ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe ón 24 Samhain go dtí an 5 Nollaig 2025, déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinneadh maidir le 51 thogra chun Foscríbhinní CITES ('tograí liostaithe') a leasú. Is é is cuspóir do speicis nó grúpaí speiceas a chuimsiú sna Foscríbhinní toirmeasc ginearálta (Foscríbhinn I) a chur ar thrádáil tráchtála sna speicis sin nó faireachán agus rialáil a dhéanamh (Foscríbhinn II) uirthi.

---

([1]) Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle an 6 Márta 2015 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES), IO L 75, 19.3.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil, IO L 61, 3.3.1997, lch. 1, agus gníomhartha cur chun feidhme ábhartha.

Mar chodanna dílse den Choimisiún, tá na Foscríbhinní ceangailteach ó thaobh dlí. Faoi Airteagal XV(1)(c), tagann leasuithe arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i bhfeidhm 90 lá tar éis dheireadh Chomhdháil na bPáirtithe.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Mar Pháirtí sa Choinbhinsiún, tá an tAontas le seasamh a ghlacadh maidir le gach togra liostaithe agus maidir leis na dréachtchinntí iomadúla eile ar chlár oibre Chomhdháil na bPáirtithe. Rinne saineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit athbhreithniú ar na tograí liostaithe agus ar na cinntí eile atá beartaithe ó Chomhdháil na bPáirtithe, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar rialacha agus ar bheartais ábhartha an Aontais. Is ar an bplé sin i measc na saineolaithe atá seasamh an Choimisiúin bunaithe, ar plé é a reáchtáladh i gcomhthéacs ghrúpaí saineolaithe ábhartha an Choimisiúin agus na meithle ábhartha de chuid na Comhairle.

Maidir leis na tograí liostaithe agus maidir le roinnt dréachtchinntí eile ó Chomhdháil na bPáirtithe, is féidir go ndéanfaidh siad difear do rialacha an Aontais nó go ndéanfaidh siad athrú ar raon feidhme na rialacha sin agus is é an chúis is mó atá leis sin go mbeadh leasuithe ar reachtaíocht agus rialacha cur chun feidhme an Aontais i gceist leo. Is gá athruithe ar Fhoscríbhinní an Choinbhinsiún a léiriú in *acquis* an Aontais, trí athruithe comhfhreagracha ar Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle agus, i gcás inarb ábhartha, ar rialacháin cur chun feidhme. Mar thoradh air sin, leagfar síos nó cuirfear deireadh le srianta ar thrádáil ón Aontas, isteach san Aontas agus laistigh den Aontas maidir leis na speicis a mbaineann na hathruithe sin leo.

Bíonn an Coimisiún i dteagmháil go tráthrialta leis na páirtithe leasmhara a bhfuil leas acu i gcúrsaí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún, amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, ionadaithe na n- earnálacha gnó a bhíonn i mbun trádáil nó úsáid táirgí fiadhúlra, agus eagraíochtaí sealgaireachta nó iascaireachta. An 22 Iúil 2025, bhí cruinniú comhairliúcháin ag an gCoimisiún le páirtithe leasmhara chun a dtuairimí a fháil ar na saincheisteanna a bhí faoi chaibidil le haghaidh COP20 CITES. Mar ba chuí, chuir an Coimisiún a n-ionchur san áireamh agus an Cinneadh atá beartaithe ón gComhairle á fhorbairt aige.

Rúnaíocht CITES agus saineolaithe ó eagraíochtaí speisialaithe amhail an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha, an líonra um fhaireachán na trádála i bhfiadhúlra TRAFFIC, agus Painéal Comhairleach Saineolaithe Eagraíocht Bhia agus Thalmhaíochta na Náisiún Aontaithe chun measúnú a dhéanamh ar thograí chun leasú a dhéanamh ar thograí liostaithe speiceas CITES, déanann siad sin anailísí breise ar thograí ó Chomhdháil na bPáirtithe. Ní raibh an chuid is mó de na hanailísí sin ar fáil in am le haghaidh an togra ón gCoimisiún; ba cheart iad uile a mheas ina n- iomláine nuair a phléifear an togra leis na Ballstáit sa Chomhairle.

Ina theannta sin, ní raibh roinnt de na doiciméid oibre le haghaidh COP20 CITES ar fáil in am le go bhféadfadh an Coimisiún seasamh don Aontas a mholadh. Dá bharr sin, i dtaca leis na seasaimh maidir leis na saincheisteanna sin, molann an Coimisiún go nglacfaí na seasaimh sin le linn an phlé i meitheal na Comhairle de bhun ghlacadh an Chinnidh seo, nó ar bhealach eile le linn na n-ullmhúchán do chruinniú Chomhdháil na bPáirtithe, nó le linn chruinniú Chomhdháil na bPáirtithe féin i gcás na ndoiciméad nach mbeidh ar fáil go dtí sin.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'([3]) .

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Chomhdháil na bPáirtithe a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin CITES.

Roinnt de na gníomhartha a iarrtar ar Chomhdháil na bPáirtithe a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na Foscríbhinní leasaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta ós rud é gur cuid dhílis den Choinbhinsiúin iad. Beidh cuid de na cinntí eile ó Chomhdháil na bPáirtithe, amhail modhnuithe ar rúin a chomhtháthaítear i reachtaíocht an Aontais, in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin Rialachán (CE) Uimh. 865/2006([4]) ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ([5]) ón gCoimisiún. Is é is cúis leis sin go bhfuil an dá ghníomh ailínithe go dlúth le rialacha ábhartha maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin mar a chinn Comhdháil na bPáirtithe.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar

([3]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha maidir le dearadh ceadanna, deimhnithe agus doiciméad eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún.

bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú aige an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Leis na cinntí atá beartaithe ó Chomhdháil na bPáirtithe, saothraítear an príomhchuspóir, is é sin cosaint an chomhshaoil.

Tá cuspóir comhshaoil an Choinbhinsiúin soiléir ón mbrollach a ghabhann leis, ina luaitear ‘is cuid thar a bheith luachmhar de chórais nádúrtha an domhain iad flóra agus fána fiáine ina bhfoirmeacha áille agus éagsúla nach mór a chosaint don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht’. Leanann an cinneadh atá beartaithe an aidhm sin. Is é srianadh trádála trí allmhairiú, onnmhairiú agus athonnmhairiú a rialáil an sásra nós imeachta a úsáidtear chun an cuspóir thuasluaite a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní mór a mheas gurb iad cuspóir agus comhpháirteanna an ghnímh atá beartaithe a bhaineann le cosaint an chomhshaoil an príomhchuspóir agus na príomh-chomhpháirteanna, agus go bhfanann comhpháirteanna an bheartais trádála teagmhasach.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de.

2025/0295 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (COP20 CITES)

**(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain - an 5 Nollaig 2025)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol ('an Coinbhinsiún'), coinbhinsiún ar aontaigh an tAontas dó le Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle an 6 Márta 2015 ([6]), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1975.

(2) De bhun Airteagal XI(3) den Choinbhinsiún, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe cinntí a ghlacadh chun Foscríbhinní an Choinbhinsiúin a leasú, chomh maith le nithe eile.

(3) Le linn an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe ón 24 Samhain go dtí an 5 Nollaig 2025 in Samarkand na hÚisbéiceastáine, tá sí chun cinneadh a dhéanamh maidir le 51 thogra chun na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú, chomh maith le go leor ábhar eile a bhaineann le cur chun feidhme agus léirmhíniú an Choinbhinsiúin.

(4) Is gá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhdháil na bPáirtithe a leagan síos mar beidh na leasuithe ar na Foscríbhinní ina gceangal ar an Aontas. Beidh roinnt cinntí eile, amhail modhnuithe ar rúin a chomhtháthaítear i reachtaíocht an Aontais, in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 865/2006([7]) ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ([8]) ón gCoimisiún.

(5) An seasamh atá beartaithe ag an Aontas a ghlacadh maidir leis na tograí éagsúla atá os comhair Chomhdháil na bPáirtithe, tá sé bunaithe ar anailís shaineolach ar fhiúntas na dtograí sin, agus forálacha an Choinbhinsiúin á gcur san áireamh, de réir na fianaise

---

([6]) IO L 75, 19.3.2015, lch. 1.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle (IO L 166, 19.6.2006, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ón gCoimisiún maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil, lena leagtar síos rialacha maidir le dearadh ceadanna, deimhnithe agus doiciméad eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún (IO L 242, 7.9.2012, lch. 13).

eolaíche is fearr atá ar fáil, agus ar a chomhsheasmhaí atá na tograí sin le rialacha agus beartais ábhartha an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach sna hIarscríbhinní an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol.

*Airteagal 2*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle, go háirithe i gcás ina gcuirfear faisnéis eolaíoch nó theicniúil nua i láthair tar éis an Cinneadh seo a ghlacadh agus roimh chruinniú Chomhdháil na bPáirtithe nó lena linn. Sna cásanna sin, beidh seasamh an Aontais comhsheasmhach leis na prionsabail a leagtar síos sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*